Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2025
(OR. en)

15738/25

ECOFIN 1569
FISC 333
UD 280
ENV 1258
CLIMA 551
DELACT 177

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 7845 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 20.11.2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le creidiúnú fíoraitheoirí a dheonú, rialú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe, creidiúnú a tharraingt siar, agus aitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí a dhéanamh ar chomhlachtaí creidiúnaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 7845 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 7845 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.11.2025
C(2025) 7845 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.11.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le creidiúnú fíoraitheoirí a dheonú, rialú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe, creidiúnú a tharraingt siar, agus aitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí a dhéanamh ar chomhlachtaí creidiúnaithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Bunaítear le Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha atá leabaithe in earraí áirithe a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais chun an riosca sceite carbóin a chosc, agus chun dreasachtaí a chruthú maidir le hastaíochtaí domhanda carbóin a laghdú. Leagtar amach sa Rialachán rialacha maidir le hastaíochtaí leabaithe in earraí SCCT a tháirgtear ag an tsuiteáil tríú tír a ríomh agus maidir leis na hastaíochtaí leabaithe dearbhaithe a fhíorú, i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar luachanna iarbhír, ag fíoraitheoir atá creidiúnaithe ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta arna cheapadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Leasaíodh an Rialachán maidir le SCCT le Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Leis na leasuithe reachtacha, tugtar rochtain d'fhíoraitheoirí ar chlárlann SCCT go háirithe, sonraítear gur cheart fíoraitheoir a bheith ina dhuine dlítheanach, agus ceanglaítear ar an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta aon chreidiúnú ábhartha faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais a mheas chun measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí fíoraitheora chun críche SCCT.

Le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2023/956 cumhachtaítear an Coimisiún Eorpach gníomhartha a ghlacadh lena sonraítear na coinníollacha maidir le creidiúnú a bheith á dheonú agus á tharraingt siar ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta. Mar chuid den phróiseas creidiúnaithe agus faireachais, déanfaidh comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta rialú agus formhaoirseacht ar fhíoraitheoirí trína áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn ag fíoraitheoir prionsabail fíorúcháin SCCT dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI den Rialachán sin a chur i bhfeidhm agus an fíorú á dhéanamh. Ní mór na ceanglais atá le comhlíonadh ag fíoraitheoirí agus na gníomhaíochtaí fíorúcháin atá le déanamh acu a leagan síos chun a áirithiú gur féidir an rialú agus an fhormhaoirseacht is gá a dhéanamh. Ní mór forálacha a leagan síos freisin maidir leis an malartú faisnéise is gá idir na fíoraitheoirí agus na húdaráis phoiblí a dhéanfaidh formhaoirseacht ar obair an fhíoraitheora, is iad sin an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta, údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún Eorpach. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an dearbhóir údaraithe SCCT bunaithe agus an Coimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a sholáthraítear i dtuarascálacha fíorúcháin, mar shampla ar bhonn aon fhaisnéise arna cur in iúl ag an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta. Le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2023/956 cumhachtaítear an Coimisiún Eorpach freisin gníomhartha a ghlacadh lena sonraítear na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí ar chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta.

Ar mhaithe le comhleanúnachas agus chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar na fíoraitheoirí a laghdú, tá sé tábhachtach aird iomlán a thabhairt ar shineirgí agus teorainn a chur a mhéid is féidir leis na héagsúlachtaí idir gnéithe agus ceanglais chreidiúnaithe agus fíoraithe SCCT agus iad siúd atá i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 agus is infheidhme maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais. Níor cheart é a bheith mar thoradh ar fhíorú astaíochtaí leabaithe in earraí SCCT go bhfaigheadh earraí an Aontais cóir

---

[1] Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann le simpliú agus neartú an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, IO L, 2025/2083, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2083/oj.

níos fabhraí i gcomparáid leis an gcóir a fhaigheann earraí a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Bhunaigh an Coimisiún an Grúpa Saineolaithe Neamhfhoirmiúil maidir leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) an 27 Deireadh Fómhair 2023. Chun an Rialachán Tarmligthe seo a ullmhú, tionóladh cruinnithe den Ghrúpa Saineolaithe an 18 Meán Fómhair, agus an 3 agus an 4 Samhain. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis an gcomhlacht a aithnítear faoi Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus leis an gComhairle Tástála, Cigireachta agus Deimhniúcháin – an príomhchomhlachas fíoraitheoirí.

Rinneadh na doiciméid atá ábhartha do na cruinnithe a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, dá bhforáiltear sa Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Na barúlacha a chuir an Grúpa Saineolaithe in iúl, cuireadh san áireamh iad agus an dréacht- Rialachán Tarmligthe á ullmhú.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Sonrófar sa Rialachán Tarmligthe na coinníollacha faoina ndeonóidh comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta creidiúnú chun críocha SCCT ar bhonn doiciméadacht tacaíochta arna cur isteach ag an iarratasóir agus ar bhonn acmhainneacht an iarratasóra na prionsabail fíorúcháin a chur i bhfeidhm.

Sonrófar sa Rialachán Tarmligthe freisin na coinníollacha maidir le rialú agus formhaoirseacht ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe agus, chun na críche sin, sonrófar ceanglais agus gníomhaíochtaí na bhfíoraitheoirí, na bearta riaracháin is infheidhme, lena n-áirítear creidiúnú a tharraingt siar, chomh maith le malartú faisnéise idir comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta, údaráis inniúla náisiúnta agus an Coimisiún Eorpach.

Ar deireadh, sonrófar sa Rialachán Tarmligthe na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí ar chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta, lena n-áirítear aon ghníomhaíocht cheartaitheach is gá ó na Ballstáit.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.11.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le creidiúnú fíoraitheoirí a dheonú, rialú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe, creidiúnú a tharraingt siar, agus aitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí a dhéanamh ar chomhlachtaí creidiúnaithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha[2], agus go háirithe Airteagal 18(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (AE) 2023/956, i gcás ina gcinntear astaíochtaí leabaithe in earraí a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais ó 2026 ar aghaidh bunaithe ar luachanna iarbhír, déanfaidh fíoraitheoir iad a fhíorú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2023/956, leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT), comhlánaítear Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) a bunaíodh faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Trí chomhleanúnachas agus comhsheasmhacht a áirithiú idir ceanglais chreidiúnaithe agus fíoraithe SCCT agus na ceanglais is infheidhme maidir le CTA AE, neartófar sineirgí idir an dá ionstraim agus laghdófar an t-ualach riaracháin ar fhíoraitheoirí, ar chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta agus ar údaráis inniúla.

(3) De bhun Rialachán (AE) 2023/956, déanfaidh comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta, arna gceapadh ag gach Ballstát de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], fíoraitheoirí a chreidiúnú. Chun a áirithiú nach gcreidiúnófar ach iarratasóirí atá in ann fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí leabaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/956 agus a bhfuil an inniúlacht agus an t-eolas is gá acu, ní mór ceanglais a leagan síos maidir le hinniúlacht na bhfíoraitheoirí agus maidir leis na gníomhaíochtaí is gá dóibh a bheith in ann a dhéanamh nuair a bheidh siad creidiúnaithe.

---

2 IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj.

3 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle, IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.

4 Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/765/oj.

(4) Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na ceanglais chreidiúnaithe agus fíorúcháin is infheidhme maidir le CTA AE agus chun sainiúlachtaí SCCT a chur san áireamh, is gá na ceanglais inniúlachta agus na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ag fíoraitheoirí de bhun an Rialacháin seo a shonrú, ar bhealach atá cosúil leis na ceanglais agus na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear faoi CTA AE. Chun nós imeachta éifeachtach um iarratais a áirithiú, is gá freisin rialacha a leagan síos maidir leis an iarraidh ar chreidiúnú a chur isteach trína léireoidh iarratasóirí inniúlacht theicniúil.

(5) Chun caighdeáin is infheidhme go hidirnáisiúnta a chur san áireamh, comhsheasmhacht leis na rialacha is infheidhme maidir le CTA AE a áirithiú agus aon dúbailt neamhriachtanach ar nósanna imeachta a sheachaint, is iomchuí leas a bhaint as dea-chleachtais a eascraíonn as cur i bhfeidhm na gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha arna nglacadh ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú ar bhonn iarraidh ón gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le comhlíonadh caighdeán comhchuibhithe ábhartha áirithe a chomhlánófar le ceanglais bhreise shonracha a leagtar amach sa Rialachán seo.

(6) Chun prionsabal na neamhiomaíochta idir comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a urramú, ba cheart d'iarratasóirí creidiúnú a iarraidh sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe. Mar sin féin, is gá a áirithiú go bhfuil iarratasóirí in ann creidiúnú a iarraidh i mBallstát eile nuair nach bhfuil aon chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta i mBallstát an iarratasóra nó nuair nach bhfuil sé d'inniúlacht ag an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta na seirbhísí creidiúnaithe a iarrtar a chur ar fáil.

(7) Chun an líon iarratasóirí incháilithe a mhéadú, costais a laghdú d'fhíoraitheoirí atá bunaithe i dtríú tíortha agus ligean d'oibreoirí a seirbhísí fíorúcháin a úsáid, ba cheart duine dlítheanach nach bhfuil bunaithe i mBallstát a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú le haon chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta. I gcás nach bhfuil an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta, ar chúiseanna easpa acmhainneachta nó ar chúiseanna gaolmhara eile, in ann iarratas iarratasóra atá bunaithe i dtríú tír a phróiseáil, ba cheart dó cúiseanna cuí-réasúnaithe ina leith a sholáthar don iarratasóir, chomh maith le liosta de chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith in ann an t-iarratas a phróiseáil.

(8) Ba cheart do chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a áirithiú go bhfuil an inniúlacht is gá ag fíoraitheoirí chun na próisis theicniúla a dhéanann suiteálacha a thuiscint agus chun measúnú a dhéanamh ar theorainneacha sonracha faireacháin agus tuairiscithe suiteála ag brath ar na hearraí a tháirgtear. Chun na críche sin, ba cheart raon feidhme creidiúnaithe ar leithligh a chruthú le haghaidh gach grúpa gníomhaíochta SCCT ábhartha ionas go mbeidh comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta in ann meastóireacht a dhéanamh ar inniúlacht agus ar fheidhmíocht an fhíoraitheora in aghaidh critéir shonracha ag brath ar raon feidhme sonrach an chreidiúnaithe.

(9) Chun dúbailt próiseas agus ualach riaracháin iomarcach a sheachaint agus stóinseacht an phróisis creidiúnaithe á coinneáil ar bun an tráth céanna, ba cheart fíoraitheoirí atá

[5] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

creidiúnaithe cheana féin le haghaidh grúpa ábhartha gníomhaíochtaí faoi CTA AE de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún[6] a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar raon feidhme a gcreidiúnaithe a leathnú chuig na deimhnithe creidiúnaithe SCCT comhfhreagracha. Chun gur féidir le comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta na grúpaí comhfhreagracha gníomhaíochtaí faoi CTA AE a chur san áireamh, is gá na grúpaí comhfhreagracha gníomhaíochtaí sin a shainaithint.

(10) Chun a áirithiú go bhfuil comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta in ann gníomhaíochtaí creidiúnaithe a dhéanamh go leordhóthanach, is gá rialacha agus ceanglais a leagan síos maidir le measúnú a dhéanamh ar iarratraí ar chreidiúnú.

(11) Chun gur féidir le comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta rialú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar fhíoraitheoirí agus chun a áirithiú go gcoinneoidh fíoraitheoirí a n-inniúlacht theicniúil chun an méid a cuireadh de chúram orthu a dhéanamh, is gá na gníomhaíochtaí faireachais atá le déanamh ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a shonrú. I gcás ina dtagann an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta ar an gconclúid gur mhainnigh an fíoraitheoir na ceanglais a chomhlíonadh agus na gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2023/956 agus Rialachán Cur Chun Feidhme XX/XX ón gCoimisiún[7] *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*, ba cheart an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a bheith in ann bearta riaracháin a ghlacadh lena n-áirítear an creidiúnú a chur ar fionraí, a tharraingt siar nó raon feidhme an chreidiúnaithe a laghdú.

(12) Chun rialú agus formhaoirseacht éifeachtúil ar fhíoraitheoirí a áirithiú, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le malartú faisnéise idir an fíoraitheoir agus an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a chreidiúnaigh é, an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta agus údarás inniúil Ballstáit agus idir údaráis inniúla agus an Coimisiún. Ba cheart na malartuithe faisnéise sin a rialú leis na ráthaíochtaí is déine maidir le rúndacht agus rúndacht ghairmiúil agus ba cheart iad a láimhseáil i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme.

(13) I gcás nach mbunaíonn Ballstát comhlacht creidiúnaithe náisiúnta nó nach ndéanann sé gníomhaíochtaí creidiúnaithe chun críoch an Rialacháin seo, chun formhaoirseacht éifeachtúil ar fhíoraitheoirí a áirithiú, ba cheart don údarás inniúil aon ghearán a fhaigheann sé maidir le fíoraitheoir atá creidiúnaithe ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta eile a chur in iúl don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta sin, chomh maith le faisnéis maidir leis an athbhreithniú ar thuarascálacha fíorúcháin a chur in iúl d'údaráis inniúla eile agus don Choimisiún trí chlárlann SCCT.

(14) Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis faoi fhíoraitheoirí creidiúnaithe i gclárlann SCCT iontaofa agus cothrom le dáta, ba cheart do chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta fógra a thabhairt don údarás inniúil faoi aon athrú ar chreidiúnú fíoraitheora.

(15) Chun tacú leis an athbhreithniú ar thuarascálacha fíorúcháin, ba cheart don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta faisnéis a mhalartú go tréimhsiúil leis an údarás inniúil maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh fíoraitheoirí agus maidir le torthaí rialú na ngníomhaíochtaí sin. Ba cheart don údarás inniúil an fhaisnéis sin a

---

[6] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le fíorú sonraí agus maidir le creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 334, 31.12.2018, lch. 94), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2067/oj.

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme ... ón gCoimisiún an ... maidir le cur i bhfeidhm na bprionsabal chun astaíochtaí leabaithe dearbhaithe a fhíorú de bhun Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

chomhroinnt leis an gCoimisiún agus le húdaráis inniúla eile trí chlárlann SCCT. Ar an mbonn céanna, ba cheart don údarás inniúil aon fhaisnéis ábhartha ón athbhreithniú ar thuarascálacha fíorúcháin a chomhroinnt leis an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta chun tacú lena ghníomhaíochtaí creidiúnaithe a bhaineann le rialú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar fhíoraitheoirí.

(16) Chun feidhmiú rianúil an chreidiúnaithe agus an fhíoraithe a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit agus do na húdaráis inniúla aitheantas a thabhairt do choibhéis sheirbhísí na gcomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a ndearnadh meastóireacht piaraí orthu, nó a bhfuil tús curtha acu le meastóireacht piaraí nár sainaithníodh aon neamhrialtacht lena linn, agus ba cheart dóibh glacadh le deimhnithe creidiúnaithe agus tuarascálacha fíorúcháin na bhfíoraitheoirí arna gcreidiúnú ag na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta sin.

(17) Comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a léiríonn comhréireacht leis an Rialachán seo agus a ndearnadh meastóireacht piaraí orthu cheana féin roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart a thoimhdiú go gcomhlíonann siad na ceanglais nós imeachta ábhartha agus ba cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid dul faoi mheastóireacht piaraí nua i gcomhréir leis an Rialachán.

(18) I gcás ina mbeidh toradh diúltach ar an meastóireacht piaraí, chun aon éiginnteacht maidir le haitheantas frithpháirteach deimhnithe creidiúnaithe nó tuarascálacha fíorúcháin a mhaolú, ba cheart cosc a chur ar an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta aon seirbhís creidiúnaithe a sholáthar.

(19) I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe seo, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679[8].

(20) Ós rud é go leagtar síos leis an Rialachán seo forálacha maidir le creidiúnú fíoraitheoirí a dhéanann gníomhaíochtaí i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoiltear ón 1 Eanáir 2026, ba cheart feidhm a bheith aige ón dáta sin.

(21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 13 Samhain 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do*

8 Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

*C(2025)8150]* agus Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX ón gCoimisiún [9]*[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*, agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin , tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'fíoraitheoir' duine dlítheanach a dhéanann gníomhaíochtaí fíorúcháin de bhun an Rialacháin seo agus atá creidiúnaithe ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta chun críoch Rialachán (AE) 2023/956 tráth a eisítear tuarascáil fíorúcháin;

(2) ciallaíonn 'fíorú' na gníomhaíochtaí a dhéanann fíoraitheoir chun tuarascáil fíorúcháin a eisiúint de bhun an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2023/956, agus Rialachán Cur Chun Feidhme XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*;

(3) ciallaíonn 'raon feidhme an chreidiúnaithe' grúpaí gníomhaíochta SCCT dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bhfuil creidiúnú á lorg ina leith nó ar deonaíodh creidiúnú ina leith;

(4) ciallaíonn 'riosca bunúsach' soghabháltacht paraiméadair i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora i leith míráitis a d'fhéadfadh a bheith ina míráitis ábhartha, go haonarach nó nuair a chomhiomlánaítear le míráitis eile iad, sula gcuirfear éifeacht aon ghníomhaíochta rialúcháin gaolmhaire san áireamh;

(5) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí rialúcháin' aon ghníomh a dhéanann an t-oibreoir nó aon bheart a chuireann sé chun feidhme chun rioscaí bunúsacha a mhaolú;

(6) ciallaíonn 'riosca rialaithe' soghabháltacht paraiméadair i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora i leith míráitis a d'fhéadfadh a bheith ina míráitis ábhartha, go haonarach nó nuair a chomhiomlánaítear le míráitis eile iad, agus nach ndéanfar a chosc ná a bhrath agus a cheartú ar bhonn tráthúil leis an gcóras rialaithe;

(7) ciallaíonn 'riosca fíorúcháin' an riosca, arb é an riosca bunúsach, an riosca rialaithe, nó an riosca nach mbraithfeadhan fíoraitheoir míráiteas ábhartha is cúis leis, go gcuireann an fíoraitheoir tuairim mhícheart in iúl maidir leis an bhfíorú nuair nach bhfuil tuarascáil astaíochtaí an oibreora saor ó mhíráitis ábhartha;

(8) ciallaíonn 'leibhéal dearbhaithe' an méid dearbhaithe a sholáthraíonn an fíoraitheoir maidir leis an tuarascáil fíorúcháin ar bhonn an chuspóra an riosca fíorúcháin a laghdú de réir imthosca an tsannacháin fíorúcháin;

(9) ciallaíonn 'dearbhú réasúnta' ardleibhéal dearbhaithe nach dearbhú cinnte é, a chuirtear in iúl go dearfach sa tuairim maidir leis an bhfíorú, i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil tuarascáil astaíochtaí an oibreora atá faoi réir fíoraithe saor ó mhíráiteas ábhartha;

(10) ciallaíonn 'láithreán' an tsuiteáil dá dtagraítear i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora atá faoi réir fíoraithe saor;

(11) ciallaíonn 'príomhiniúchóir SCCT' iniúchóir atá i gceannas ar an bhfoireann fíorúcháin a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh uirthi, agus atá freagrach as fíorú a dhéanamh ar thuarascáil astaíochtaí oibreora agus as tuairisciú a dhéanamh ar an bhfíorú sin;

[9] Rialachán Cur Chun Feidhme ....ón gCoimisiún an ... lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na modhanna chun astaíochtaí leabaithe a ríomh.

(12) ciallaíonn ‘iniúchóir SCCT’ ball d’fhoireann fíorúcháin atá freagrach as fíorú a dhéanamh ar thuarascáil astaíochtaí oibreora;

(13) ciallaíonn ‘measúnóir’ duine a cheapann comhlacht creidiúnaithe náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar fhíoraitheoir, go haonarach nó mar chuid d’fhoireann measúnaithe, de bhun an Rialacháin seo.

# Caibidil II

# Creidiúnú a dheonú agus a tharraingt siar

## ROINN 1

## NÓS IMEACHTA

*Airteagal 2*

### Raon feidhme an mheasúnaithe ó chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta

Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta measúnú ar an méid seo a leanas maidir leis an duine dlítheanach a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar chreidiúnú (‘an t-iarratasóir’) nó maidir leis an bhfíoraitheoir:

(a) cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé na ceanglais inniúlachta a leagtar síos i Roinn 1 d’Iarscríbhinn II, lena n-áirítear an caighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear i Roinn 1.5.1 d’Iarscríbhinn II;

(b) an bhfuil sé ag déanamh na ngníomhaíochtaí fíorúcháin a leagtar síos i Roinn 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE) 2023/956, agus le Rialachán Cur Chun Feidhme XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*.

*Airteagal 3*

### Iarraidh ar chreidiúnú

1. Iarrfaidh iarratasóir atá bunaithe faoi dhlí náisiúnta Ballstáit ar chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta an Bhallstáit sin creidiúnú a dheonú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, iarrfaidh an t-iarratasóir atá bunaithe faoi dhlí náisiúnta Ballstáit ar chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta seachas comhlacht a Bhallstáit bunaíochta creidiúnú a dheonú in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar chinn an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe gan comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a bhunú agus nach ndeachaigh sé ar iontaoibh comhlachta creidiúnaithe náisiúnta Ballstáit eile;

(b) i gcás nach ndéanann na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta dá dtagraítear sa chéad fhomhír creidiúnú i dtaca leis na gníomhaíochtaí fíorúcháin a bhfuil creidiúnú iarrtha ina leith;

(c) maidir leis na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcás nach ndearnadh meastóireacht piaraí orthu sin i dtaca leis na grúpaí gníomhaíochta a bhfuil an creidiúnú iarrtha ina leith.

2. Iarratasóir nach bhfuil bunaithe faoi dhlí náisiúnta Ballstáit, iarrfaidh sé ar chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta aon Bhallstáit a sholáthraíonn creidiúnú an creidiúnú a dheonú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Le hiarrataí ar chreidiúnú, cumhdófar ceann amháin nó níos mó de na grúpaí gníomhaíochta SCCT a liostaítear in Iarscríbhinn I.

4. In éineacht leis an iarratas, cuirfidh an t-iarratasóir dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 na doiciméid seo a leanas ar fáil don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta:

(a) tuairisc ar inniúlacht an iarratasóra na nósanna imeachta agus na próisis dá dtagraítear i Roinn 1.5.1 d'Iarscríbhinn II an córas bainistíochta cáilíochta dá dtagraítear i Roinn 1.5.2 den Iarscríbhinn sin a chur i gcrích;

(b) tuairisc ar na critéir inniúlachta dá dtagraítear i Roinn 1.1.1, an dara mír, pointí (a) agus (b), d'Iarscríbhinn II, torthaí an phróisis inniúlachta dá dtagraítear sa Roinn sin agus doiciméadacht ábhartha eile maidir le hinniúlacht an phearsanra uile atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí fíorúcháin dá dtagraítear i Ranna 1.2 agus 1.3 d'Iarscríbhinn II;

(c) tuairisc ar an bpróiseas chun neamhchlaontacht agus neamhspleáchas leanúnach a áirithiú, dá dtagraítear i Roinn 1.7.5 d'Iarscríbhinn II, lena n-áirítear taifid ábhartha ar neamhchlaontacht agus neamhspleáchas an iarratasóra agus a phearsanra;

(d) liosta na saineolaithe teicniúla san fhíorú agus an príomhphearsanra atá rannpháirteach i bhfíorú tuarascálacha astaíochtaí oibreoirí;

(e) tuairisc ar na nósanna imeachta agus ar na próisis dá dtagraítear i Roinn 1.5.1 d'Iarscríbhinn II, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an doiciméadacht fíorúcháin inmheánach dá dtagraítear i Roinn 2.16 d'Iarscríbhinn II;

(f) na taifid dá dtagraítear i Roinn 1.6 d'Iarscríbhinn II;

(g) más infheidhme, aon fhianaise ábhartha ar inniúlacht chruthaithe i gcur i bhfeidhm an chaighdeáin idirnáisiúnta dá dtagraítear i Roinn 1.5 d'Iarscríbhinn II, mar a aithníonn comhlacht creidiúnaithe náisiúnta nó comhlacht creidiúnaithe tríú tíre;

5. Tar éis an iarraidh ar chreidiúnú a fháil, féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a iarraidh ar an iarratasóir aon fhaisnéis eile a chur isteach a mheasann an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a bheith riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas.

6. I gcás ina soláthraíonn an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta seirbhísí creidiúnaithe faoin Rialachán seo ach nach bhfuil sé in ann iarratasóir atá bunaithe i dtríú tír a chreidiúnú, soláthróidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta sin freagra cuí-réasúnaithe don iarratasóir, gan aon mhoill mhíchuí tar éis dó iarraidh ar chreidiúnú a fháil, ina leagfar amach na cúiseanna nach ndearnadh an creidiúnú chomh maith le liosta de chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith in ann tabhairt faoin bpróiseas creidiúnaithe.

An comhlacht a aithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí dá dtagraítear in Airteagal 24, eagróidh sé an malartú faisnéise idir comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta trí liosta a choinneáil

de chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a sholáthraíonn seirbhísí creidiúnaithe le haghaidh SCCT agus de chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith in ann tabhairt faoin bpróiseas creidiúnaithe le haghaidh iarratasóirí atá bunaithe i dtríú tír.

*Airteagal 4*

**Iarrataí ar chreidiúnú ó iarratasóirí atá creidiúnaithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067**

Iarratasóir atá creidiúnaithe de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 le haghaidh an ghrúpa ábhartha gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar raon feidhme a chreidiúnaithe a leathnú chuig na grúpaí gníomhaíochta SCCT comhfhreagracha mar a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

Cuirfear an t-iarratas ar leathnú ar an raon feidhme faoi bhráid an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 3(1).

*Airteagal 5*

**Measúnú ar iarrataí ar chreidiúnú a dheonú**

1. Agus measúnú á dhéanamh ar iarrataí ar chreidiúnú, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta na gníomhaíochtaí seo a leanas:

   (a) athbhreithniú ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an iarratasóir de bhun Airteagal 3;

   (b) cuairt ar an láthair ag áitreabh an iarratasóra chun athbhreithniú a dhéanamh ar shampla ionadaíoch den doiciméadacht fíorúcháin inmheánach agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme chóras bainistíochta cáilíochta an iarratasóra agus ar na nósanna imeachta nó na próisis le haghaidh gníomhaíochtaí fíorúcháin dá dtagraítear i Roinn 1.5 den Iarscríbhinn II;

   (c) fianú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus inniúlacht líon ionadaíoch d'fhoireann an iarratasóra atá rannpháirteach i dtuarascálacha astaíochtaí oibreoirí a fhíorú chun a áirithiú go n-oibreoidh siad i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE) 2023/956, agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*.

2. Le linn an mheasúnaithe, cuirfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta an méid seo a leanas san áireamh:

   (a) castacht raon feidhme an chreidiúnaithe;

   (b) castacht an chórais bainistíochta cáilíochta dá dtagraítear i Roinn 1.5.2 d'Iarscríbhinn II;

   (c) na nósanna imeachta agus faisnéis faoi na próisis dá dtagraítear i Roinn 1.5.1 d'Iarscríbhinn II;

   (d) na limistéir gheografacha ina bhfuil fíorú á dhéanamh ag an iarratasóir nó ina bhfuil sé beartaithe aige fíorú a dhéanamh;

   (e) faisnéis faoi cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarratasóir creidiúnaithe de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 le haghaidh an ghrúpa ábhartha gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

Féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta aon fhianaise ábhartha arna soláthar ag an iarratasóir a mheas freisin, de bhun Airteagal 3(4), pointe (g).

3. I gcás ina ndéanann an t-iarratasóir gníomhaíochtaí fíorúcháin áirithe a sheachfhoinsiú i gcomhréir le Roinn 1.7.4 d'Iarscríbhinn II, féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo a dhéanamh freisin ar áitreabh an chomhlachta chuig ar seachfhoinsíodh na gníomhaíochtaí.

4. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a thorthaí agus aon neamh-chomhréireacht a thuairisciú don iarratasóir agus iarrfaidh sé freagra.

5. Déanfaidh an t-iarratasóir gníomhaíocht cheartaitheach chun aghaidh a thabhairt ar aon neamh-chomhréireacht arna tuairisciú de bhun mhír 4 agus cuirfidh sé freagra isteach ina mbeidh léiriú ar an ngníomhaíocht atá déanta aige, nó a bhfuil sé beartaithe aige a dhéanamh laistigh d'am a shocróidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta, chun iad a réiteach.

6. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta athbhreithniú ar an bhfreagra arna chur isteach ag an iarratasóir de bhun mhír 5.

7. I gcás ina gcinnfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta go bhfuil freagra an iarratasóra nó go bhfuil an ghníomhaíocht a rinneadh neamh-leordhóthanach nó neamhéifeachtach, iarrfaidh sé ar an iarratasóir tuilleadh faisnéise a chur isteach nó gníomhaíocht bhreise a dhéanamh.

Féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta fianaise ar chur chun feidhme iarbhír na gníomhaíochta ceartaithí a iarraidh, nó measúnú leantach a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin.

*Airteagal 6*

**Cinneadh maidir le creidiúnú agus an deimhniú creidiúnaithe**

1. I gcás ina gcinnfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta creidiúnú a dheonú nó a athnuachan nó raon feidhme creidiúnaithe a leathnú, eiseoidh sé deimhniú creidiúnaithe chuige sin.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa deimhniú creidiúnaithe:

(a) céannacht an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta;

(b) ainm agus sainaitheantas creidiúnúcháin uathúil an fhíoraitheora;

(c) raon feidhme an chreidiúnaithe agus na ngrúpaí gníomhaíochtaí;

(d) tír bhunaíochta an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta agus an fhíoraitheora;

(e) dáta éifeachtach an chreidiúnaithe agus a dháta éaga;

(f) tagairt do na doiciméid normatacha arna n-úsáid don mheasúnú.

3. Beidh an deimhniú creidiúnaithe bailí go ceann tréimhse nach faide ná 5 bliana ón dáta a d'eisigh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta é.

*Airteagal 7*

**Athmheasúnú**

1. Sula rachaidh deimhniú creidiúnaithe atá eisithe aige in éag, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta an fíoraitheoir atá i gceist a athmheasúnú chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh cé acu is féidir nó nach féidir síneadh a chur le bailíocht an deimhnithe.
2. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a athmheasúnú a phleanáil ar bhealach a chuirfidh ar chumas an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta measúnú a dhéanamh ar shamplaí ionadaíocha de ghníomhaíochtaí an fhíoraitheora a chumhdaítear leis an deimhniú.
3. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta fíoraitheoirí a athmheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 2.

Airteagal 8

**Leathnú ar an raon feidhme**

Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a chinneadh, mar fhreagairt ar iarratas ó fhíoraitheoir ar leathnú ar raon feidhme creidiúnaithe deonaithe, cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an fíoraitheoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 maidir leis an leathnú a iarradh ar raon feidhme a chreidiúnaithe.

*Airteagal 9*

**Creidiúnú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar agus laghdú ar raon feidhme an chreidiúnaithe**

1. Gan dochar do mhíreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo, féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta creidiúnú fíoraitheora a chur ar fionraí nó a tharraingt siar nó raon feidhme an chreidiúnaithe a laghdú, i gcás nach gcomhlíonann an fíoraitheoir na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, i Rialachán (AE) 2023/956, nó i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*.
2. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta creidiúnú fíoraitheora a chur ar fionraí nó a tharraingt siar nó raon feidhme an chreidiúnaithe a laghdú, i gcás ina n-iarrann an fíoraitheoir amhlaidh.
3. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta creidiúnú fíoraitheora a chur ar fionraí nó raon feidhme an chreidiúnaithe a laghdú i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas fíor i leith an fhíoraitheora:
   (a) go ndearna sé sárú tromchúiseach ar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, i Rialachán (AE) 2023/956 nó i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*;
   (b) gur mhainnigh sé go leanúnach agus arís agus arís eile na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, i Rialachán (AE) 2023/956 nó i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]* a chomhlíonadh;

(c) gur sháraigh sé aon téarma agus coinníoll sonrach eile arna leagan síos ag an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta.

4. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta creidiúnú fíoraitheora a tharraingt siar i gcás an mhéid seo a leanas:

(a) nár leigheas an fíoraitheoir na heasnaimh arb iad ba chúis le cinneadh an creidiúnú a chur ar fionraí;

(b) go bhfuarthas comhalta de bhainistíocht an fhíoraitheora nó d'fhoireann an fhíoraitheora atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí fíorúcháin faoi Rialachán (AE) 2023/956 ciontach i gcalaois;

(c) gur sholáthair an fíoraitheoir faisnéis bhréagach d'aon ghnó nó go bhfuil faisnéis folaithe aige d'aon ghnó.

5. Féadfaidh fíoraitheoir achomharc a sheoladh os comhair an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta in aghaidh cinneadh ón gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta creidiúnú a tharraingt siar nó raon feidhme creidiúnaithe a laghdú i gcomhréir le míreanna 1, 3 agus 4.

6. Cinntí ó chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta maidir le creidiúnú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar nó raon feidhme an chreidiúnaithe a laghdú, gabhfaidh éifeacht leo an dáta a dtabharfar fógra don fhíoraitheoir fúthu.

7. Cúlghairfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta an cinneadh maidir le deimhniú creidiúnaithe a chur ar fionraí i gcás ina dtagann sé ar an gconclúid go gcomhlíonann an fíoraitheoir ceanglais an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2023/956, agus Rialachán XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*.

## ROINN 2
## CEANGLAIS AR CHOMHLACHTAÍ CREIDIÚNAITHE NÁISIÚNTA

*Airteagal 10*

**Ceanglais inniúlachta le haghaidh measúnóirí**

Áiritheoidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta go bhfuil na scileanna nó an t-eolas seo a leanas ag na daoine a cheapfar chun an measúnú a dhéanamh:

(a) eolas ar chreidiúnú, ar ghníomhaíochtaí fíorúcháin agus ar fhaireachán agus ríomh astaíochtaí leabaithe de bhun an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2023/956, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*, eolas ar bhailiú, faireachán agus tuairisciú sonraí atá ábhartha don leithdháileadh saor in aisce de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX[10] *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8152]* agus eolas ar reachtaíocht, caighdeáin chomhchuibhithe agus treoirlínte eile is infheidhme;

[10] Rialachán Cur Chun Feidhme ....ón gCoimisiún an ... lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ríomh an choigeartaithe ar leithdháileadh saor in aisce ar líon na ndeimhnithe SCCT atá le géilleadh.

(b) an inniúlacht agus an tuiscint is gá chun measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí fíorúcháin dá dtagraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) i gcás raon feidhme chreidiúnú LI dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, an inniúlacht theicniúil agus an tuiscint theicniúil is gá chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise is gá chun comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos i Roinn 5, an chéad mhír, pointí (a) go (d), d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a léiriú;

(d) i gcás raon feidhme chreidiúnú LII dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, an inniúlacht theicniúil agus an tuiscint theicniúil is gá chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise is gá chun comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos i Roinn 6 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a léiriú;

(e) eolas ar iniúchadh sonraí agus faisnéise, dá dtagraítear i Roinn 1.2, an ceathrú mír, pointe (b), d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 11*

**Saineolaithe teicniúla ar chreidiúnú**

1. I gcás inar gá, féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta saineolaithe teicniúla a thabhairt isteach i gcreidiúnú chun measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí fíorúcháin arna ndéanamh ag fíoraitheoirí.

2. I dteannta an eolais agus an tsaineolais ar ábhar riachtanach, beidh eolas ag saineolaithe teicniúla ar chreidiúnú ar an méid seo a leanas:

   (a) eolas ar chreidiúnú, ar ghníomhaíochtaí fíorúcháin agus ar fhaireachán agus ríomh astaíochtaí leabaithe de bhun an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2023/956, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*, eolas ar bhailiú, faireachán agus tuairisciú sonraí atá ábhartha don leithdháileadh saor in aisce de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8152]* agus eolas ar reachtaíocht, caighdeáin agus treoirlínte eile is infheidhme;

   (b) eolas ar na gníomhaíochtaí fíorúcháin arna ndéanamh ag fíoraitheoirí, dá dtagraítear i roinn 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 12*

**Rochtain ar fhaisnéis, rúndacht agus rúndacht ghairmiúil**

1. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta faisnéis faoina ghníomhaíochtaí creidiúnaithe faoin Rialachán seo a chur ar fáil go poiblí agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

2. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta socruithe iomchuí chun rúndacht na faisnéise a fhaightear le linn gníomhaíochtaí measúnaithe de bhun an Rialacháin seo a chosaint.

I gcás ina bhfaigheann an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta faisnéis maidir le tuarascáil astaíochtaí oibreora nó tuarascáil fíorúcháin oibreora, cuir i gcás de bhun Airteagail 16 agus 21, beidh an fhaisnéis sin cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla, agus ní nochtfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta í d'aon duine nó d'aon údarás eile ach amháin i gcás ina gceanglaítear sin le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

# Caibidil III

# Rialú agus formhaoirseacht ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe

## ROINN 1
## RIALÚ AR FHÍORAITHEOIRÍ

*Airteagal 13*

**Ceanglas ginearálta an rialaithe**

Le linn bailíocht deimhnithe creidiúnaithe, leanfaidh fíoraitheoirí de na ceanglais a leagtar síos i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a chomhlíonadh agus de na gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhéanamh i gcomhréir le Roinn 2 den Iarscríbhinn sin agus leanfaidh siad de na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/956 agus Rialachán Cur Chun Feidhme XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]* a chomhlíonadh.

Le linn bailíocht deimhnithe creidiúnaithe, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a dheonaigh creidiúnú a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an fíoraitheoir na ceanglais agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad mhír.

I gcás ina measann an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta nach gcomhlíonann an fíoraitheoir na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, i Rialachán (AE) 2023/956 nó i Rialachán Cur Chun Feidhme XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]* a thuilleadh, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta an ghníomhaíocht is gá, lena n-áirítear an creidiúnú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, nó raon feidhme an chreidiúnaithe a laghdú, i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán seo.

*Airteagal 14*

**Faireachas bliantúil**

1. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta faireachas bliantúil ar gach fíoraitheoir a bhfuil deimhniú creidiúnaithe eisithe aige dó. Cuimseofar san fhaireachas sin an méid seo a leanas ar a laghad:
   - (a) measúnú ar an láthair nó measúnú oifige fíorúil ar an bhfíoraitheoir;
   - (b) an fheidhmíocht a fhianú agus measúnú a dhéanamh ar inniúlacht líon ionadaíoch d'fhoireann an fhíoraitheora i gcomhréir le hAirteagal 5(1), pointe (c);

I gcás ina ndéanann an fíoraitheoir gníomhaíochtaí fíorúcháin áirithe a sheachfhoinsiú i gcomhréir le Roinn 1.7.4 d'Iarscríbhinn II, féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhéanamh ar áitreabh an chomhlachta chuig ar seachfhoinsíodh na gníomhaíochtaí freisin.

2. Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta an chéad fhaireachas ar fhíoraitheoir i gcomhréir le mír 1 laistigh de 12 mhí ón dáta a eisíodh a dheimhniú creidiúnaithe.

3. Beidh sé beartaithe ag an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta a chleachtadh faireachais bliantúil a dhéanamh ar bhealach a chuirfidh ar a chumas measúnú a dhéanamh ar shamplaí ionadaíocha de ghníomhaíochtaí an fhíoraitheora faoi raon feidhme an deimhnithe creidiúnaithe agus de na baill foirne atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí fíorúcháin.

4. Ar bhonn thorthaí an fhaireachais, cinnfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta cé acu a dheimhneofar nó nach ndeimhneofar go leanfar den chreidiúnú.

*Airteagal 15*

**Measúnú urghnách**

Tráth ar bith le linn bhailíocht an deimhnithe creidiúnaithe, féadfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta measúnú urghnách a dhéanamh ar aon ghné d’inniúlacht nó de ghníomhaíochtaí an fhíoraitheora chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a leanann nó nach leanann an fíoraitheoir de cheanglais an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2023/956, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]* a chomhlíonadh.

*Airteagal 16*

**Gearáin**

I gcás ina bhfuil gearán faighte ag an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta maidir le fíoraitheoir a chreidiúnaigh sé, agus go bhfuair sé an gearán sin ó aon údarás inniúil, ón gCoimisiún, ón oibreoir nó ó pháirtithe leasmhara eile, tabharfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta faoin méid seo a leanas, tráth nach déanaí ná 3 mhí ón dáta a fuarthas an gearán:

(a) déanfaidh sé measúnú ar bhailíocht an ghearáin;

(b) áiritheoidh sé go dtabharfar an deis don fhíoraitheoir lena mbaineann a bharúlacha a chur isteach;

(c) déanfaidh sé gníomhaíochtaí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngearán;

(d) déanfaidh sé an gearán agus an ghníomhaíocht a rinneadh ina leith a thaifeadadh;

(e) tabharfaidh sé freagra don ghearánach.

## ROINN 2
### *MALARTÚ FAISNÉISE AGUS FÓGRAÍ LE HAGHAIDH FORMHAOIRSEACHT AR FHÍORAITHEOIRÍ*

*Airteagal 17*

**Malartú faisnéise agus comhar**

1. Bunóidh gach Ballstát malartú éifeachtach faisnéise agus comhar éifeachtach idir a chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta agus an t-údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagail 18 go 21.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag Airteagail 18 agus 19, Airteagal 20(1) agus Airteagal 21(1) den Rialachán seo maidir leis an údarás inniúil agus leis an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta i gcás ina bhfuil an t-údarás inniúil bunaithe i mBallstát nach bhfuil comhlacht creidiúnaithe náisiúnta aige nó nach soláthraíonn an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta seirbhísí creidiúnaithe chun críoch Rialachán (AE) 2023/956.

*Airteagal 18*

**Malartú faisnéise maidir le deimhnithe creidiúnaithe agus bearta riaracháin**

Soláthróidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta gan mhoill d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun an fíoraitheoir a chlárú i gclárlann SCCT de bhun Airteagal 10a de Rialachán (AE) 2023/956, agus soláthróidh sé aon nuashonrú ar an bhfaisnéis sin freisin. Aireofar ar an bhfaisnéis sin:

(a) aon chinneadh maidir le creidiúnú iarratasóra a dheonú, a athnuachan nó raon feidhme an chreidiúnaithe a leathnú de bhun Airteagal 6;

(b) aon chinneadh maidir le creidiúnú fíoraitheora a chur ar fionraí nó a tharraingt siar nó raon feidhme creidiúnaithe fíoraitheora a laghdú de bhun Airteagal 9, nó aon chinneadh maidir le hachomharc lena ndearnadh cinneadh den sórt sin a fhreaschur;

(c) aon chúlghairm ar an gcinneadh maidir le creidiúnú a chur ar fionraí de bhun Airteagal 9(7).

Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa chéad mhír an fhaisnéis maidir le fíoraitheoirí a fuarthas i gcomhréir leis an gcéad mhír a chlárú agus a thabhairt cothrom le dáta i gclárlann SCCT.

*Airteagal 19*

**Clár oibre creidiúnaithe agus tuarascáil bhainistíochta**

1. Faoin 31 Nollaig gach bliain, cuirfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta clár oibre creidiúnaithe ar fáil, i mBéarla, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta bunaithe, lena gcumhdaítear an chéad bhliain féilire eile agus ina mbeidh liosta na bhfíoraitheoirí a chreidiúnaigh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta sin. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad i ndáil le gach fíoraitheoir sa chlár oibre creidiúnaithe:

(a) faisnéis faoi ghníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta don fhíoraitheoir sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faireachais agus athmheasúnaithe;

(b) am agus áit an fhíorúcháin a bhfuil coinne leis, lena n-áirítear faisnéis i dtaobh cé acu a thabharfar nó nach dtabharfar cuairt fhisiceach nó fhíorúil ar an láithreán;

(c) dátaí na n- iniúchtaí fianaithe a mheastar a bheidh le déanamh ag an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar an bhfíoraitheoir, lena n-áirítear ainm agus faisnéis aitheantais na n-oibreoirí agus na suiteálacha a bhfuil cuairt le tabhairt orthu le linn an iniúchta fianaithe.

I gcás ina ndéantar athruithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta clár oibre nuashonraithe faoi bhráid an údaráis inniúil faoin 30 Meitheamh gach bliain.

2. Faoin 31 Iúil gach bliain, cuirfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta tuarascáil bhainistíochta ar fáil, i mBéarla, don údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil bhainistíochta i ndáil le gach fíoraitheoir atá creidiúnaithe ag an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta sin nó, i gcás phointe (c), i ndáil le gach iarratasóir:

(a) sonraí creidiúnaithe fíoraitheoirí a chreidiúnaigh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta sin, lena n-áirítear raon feidhme an chreidiúnaithe le haghaidh na bhfíoraitheoirí sin;

(b) aon athrú ar raon feidhme an chreidiúnaithe le haghaidh na bhfíoraitheoirí dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) i gcás nach raibh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta in ann tabhairt faoin bpróiseas creidiúnaithe a leagtar síos in Airteagal 3(6), liosta ina bhfuil ainmneacha na n-iarratasóirí, an tír bhunaíochta agus raon feidhme an chreidiúnaithe atá á lorg;

(d) torthaí achoimrithe na ngníomhaíochtaí faireachais agus athmheasúnaithe a rinne an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta;

(e) torthaí achoimrithe ar mheasúnaithe urghnácha a rinneadh, lena n-áirítear na cúiseanna leis na measúnuithe urghnácha sin a thionscnamh;

(f) aon ghearán a rinneadh in aghaidh an fhíoraitheora ó bhí an tuarascáil bhainistíochta dheireanach ann agus na gníomhaíochtaí a rinne an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta i ndáil leis na gearáin sin;

(g) mionsonraí maidir leis an ngníomhaíocht a rinne an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta mar fhreagairt ar an bhfaisnéis arna comhroinnt ag an údarás inniúil nó ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 20, ach amháin má tá an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta tar éis an fhaisnéis a mheas mar ghearán de réir bhrí Airteagal 16.

3. Chun críoch mhíreanna 1 agus 2, úsáidfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta teimpléad leictreonach ábhartha, a sholáthróidh an Coimisiún.

*Airteagal 20*

**Malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus an Coimisiún**

1. Cuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis atá sa chlár oibre creidiúnaithe agus sa tuarascáil bhainistíochta de bhun Airteagal 19 ar fáil gan mhoill d'údaráis inniúla eile agus don Choimisiún trí chlárlann SCCT.

2. I gcás ina ndéanfaidh an t-údarás inniúil nó an Coimisiún athbhreithniú ar an deimhniú SCCT de bhun Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2023/956, cuirfidh siad in iúl do na húdaráis inniúla, agus don Choimisiún i gcás inarb infheidhme, trí chlárlann SCCT, tionscnamh an athbhreithnithe agus na torthaí i ndáil leis an obair a dhéanann an fíoraitheoir.

*Airteagal 21*

**Faisnéis ón údarás inniúil a chur faoi bhráid an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta**

1. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta bunaithe an méid seo a leanas ar a laghad a chur in iúl go tráthrialta agus uair sa bhliain ar a laghad don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta a chreidiúnaigh an fíoraitheoir:

   (a) torthaí ábhartha, lena n-áirítear torthaí ábhartha a fhaightear ó údaráis inniúla eile nó ón gCoimisiún de bhun Airteagal 20(2), a fhaightear ó sheiceáil a dhéanamh ar thuarascáil astaíochtaí an oibreora agus ar an tuarascáil fíorúcháin, lena n-áirítear aon neamhchomhlíonadh sainaitheanta ón bhfíoraitheoir leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE) 2023/956 nó le Rialachán (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*.

   (b) aon ghearán a bhaineann leis an bhfíoraitheoir arna fháil ag an údarás inniúil.

2. Chun críoch mhír 1, úsáidfidh an t-údarás inniúil teimpléad leictreonach ábhartha, a sholáthróidh an Coimisiún.

3. I gcás ina bhfaigheann an t-údarás inniúil gearán maidir le fíoraitheoir a chreidiúnaigh comhlacht creidiúnaithe náisiúnta Ballstáit eile, cuirfidh an t-údarás inniúil an gearán in iúl don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta sin.

4. I gcás ina soláthraítear leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 den Airteagal seo fianaise gur shainaithin údarás inniúil nó an Coimisiún neamhchomhlíonadh ón bhfíoraitheoir, déileálfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta le cur in iúl na faisnéise sin mar ghearán ón údarás inniúil maidir leis an bhfíoraitheoir sin i gcomhréir le hAirteagal 16.

*Airteagal 22*

**Fógraí ó fhíoraitheoirí**

1. Faoin 15 Samhain gach bliain, seolfaidh fíoraitheoirí an fhaisnéis seo a leanas lena gcumhdaítear an chéad bhliain féilire eile don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta a chreidiúnaigh iad:

(a) am beartaithe agus áit bheartaithe na bhfíorúchán a bhfuil an fíoraitheoir sceidealaithe lena ndéanamh, lena n-áirítear faisnéis i dtaobh an ndéanfar cuairt fhisiceach nó fhíorúil ar an láithreán;

(b) ainm agus faisnéis aitheantais na n-oibreoirí a bhfuil a dtuarascálacha astaíochtaí faoi réir a fhíorúcháin, agus sainaitheantas na suiteálacha;

(c) ainmneacha bhaill na foirne fíorúcháin agus raon feidhme an chreidiúnaithe faoina dtagann gníomhaíochtaí an oibreora.

2. I gcás ina dtarlaíonn athruithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh na fíoraitheoirí fógra don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta faoi na hathruithe sin laistigh de thréimhse a comhaontaíodh leis an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta sin.

3. Cuirfidh na fíoraitheoirí fógra don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta faoi aon athrú suntasach a d’fhéadfadh difear a dhéanamh dá gcreidiúnú maidir le haon ghné dá stádas nó dá n-oibríocht, agus déanfaidh siad sin gan mhoill.

# Caibidil IV

# Aitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí ar chomhlachtaí creidiúnaithe

*Airteagal 23*

**Aitheantas frithpháirteach d’fhíoraitheoirí**

1. Tabharfaidh na Ballstáit agus na húdaráis inniúla aitheantas do choibhéis na seirbhísí a thugann na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta sin a ndearnadh meastóireacht piaraí orthu i gcomhréir le hAirteagal 24. Glacfaidh siad leis na deimhnithe creidiúnaithe agus tabharfaidh siad aitheantas do thuarascálacha fíorúcháin na bhfíoraitheoirí arna gcreidiúnú ag na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta sin.

2. I gcás nach ndeachaigh comhlacht creidiúnaithe náisiúnta faoin bpróiseas iomlán um meastóireacht piaraí, glacfaidh na Ballstáit leis na deimhnithe creidiúnaithe agus tabharfaidh siad aitheantas do thuarascálacha fíorúcháin na bhfíoraitheoirí arna gcreidiúnú ag an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta sin ar choinníoll go bhfuil an méid seo a leanas fíor i leith an chomhlachta a aithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008:

(a) gur dheonaigh sé díolúine de bhun Airteagal 24(4);

(b) gur thosaigh sé meastóireacht piaraí le haghaidh an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta sin agus nár shainaithin sé aon neamhchomhlíonadh ón gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta i leith an Rialacháin seo.

*Airteagal 24*

**Meastóireacht piaraí**

1. Cuirfidh comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta iad féin faoi réir meastóireacht piara go tráthrialta.

2. An comhlacht a shainaithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, leagfaidh sé síos agus comhlíonfaidh sé critéir meastóireachta piaraí agus cuirfidh sé próiseas meastóireachta piaraí éifeachtach agus neamhspleách i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas maidir leis an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta atá faoi réir na meastóireachta piaraí:

(a) go ndéanann sé na gníomhaíochtaí creidiúnaithe i gcomhréir le Roinn 1 de Chaibidil II;

(b) go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach i Roinn 2 de Chaibidil II, in Airteagail 14, 15 agus 16 agus sa Chaibidil seo.

Áireofar ar na critéir meastóireachta piaraí ceanglais inniúlachta le haghaidh meastóirí piaraí agus foirne meastóireachta piaraí a bhaineann go sonrach leis an gcóras chun astaíochtaí leabaithe a ríomh agus a fhíorú arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/956.

3. Foilseoidh an comhlacht a aithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí toradh na meastóireachta piaraí ar chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 agus cuirfidh sé é sin in iúl don Choimisiún, do na húdaráis náisiúnta atá freagrach as na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta sna Ballstáit, agus don údarás inniúil gan mhoill.

4. I gcás ina bhfuil meastóireacht piaraí déanta ar chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta i réimse an fhíoraithe roimh an 1 Eanáir 2026, díolmhófar an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta ó mheastóireacht piaraí nua a dhéanamh ón dáta sin más féidir leis comhréireacht leis an Rialachán seo a léiriú.

Chuige sin, cuirfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta lena mbaineann iarraidh agus an doiciméadacht is gá faoi bhráid an chomhlachta a aithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí.

Déanfaidh an comhlacht a aithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí a chinneadh cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha chun díolúine a dheonú.

Deonófar an díolúine go huathoibríoch i gcás na gcomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta sin a ndearnadh meastóireacht piaraí orthu cheana féin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067.

Beidh feidhm ag an díolúine go ceann tréimhse nach faide ná 4 bliana ón dáta a thabharfar fógra faoin gcinneadh ón gcomhlacht a aithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta.

*Airteagal 25*

**Gníomhaíocht cheartaitheach**

1. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar a gcomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta go tráthrialta d’fhonn a áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo ar bhonn leanúnach, agus torthaí na meastóireachta piaraí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 24 á gcur san áireamh.

2. I gcás nach bhfuil toradh na meastóireachta piaraí de bhun Airteagal 24(3) sásúil, scoirfidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta d’aon ghníomhaíocht a dhéanamh nó

de sheirbhísí a sholáthar faoin Rialachán seo go dtí go mbainfear amach toradh sásúil ar mheastóireacht piaraí.

I gcás nach bhfuil toradh na meastóireachta piaraí de bhun Airteagal 24(3) sásúil nó i gcás nach gcomhlíonann an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta na ceanglais nó go mainníonn sé a chuid oibleagáidí mar a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí nó áiritheoidh sé go ndéanfar gníomhaíocht cheartaitheach den sórt sin.

# Caibidil V

## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 26*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20.11.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*